

# Timpeall na gClubanna



Buíochas le Sportsfile

## RÍTHE NA TUAITHE

### Na Seamróga Baile Héil

Le Liam de Lása

Tamall de bhlianta ó shin, bhíos ag déanamh taighde le rang ar scoil. Tionscnamh a bhí á dhéanamh againn ar 'Bhailiúchán na Scol'. Is éard atá i gceist leis an mbailiúchán seo ná bailiúcháin de scéalta agus seanchas a taifeadadh i ngach aon bhunscoil i lár na dtríochaidí ar fud na tíre. Fad is a bhíos ag tochailt, tháinig mé ar scéal nach raibh ar eolas agam féin fiú agus mé ag fás aníos. Do rugadh fear a raibh ard-mheas ag lucht leanta CLG air cóngarach do mo thigh féin in áit iargúlta i ndeisceart Chill Chainnigh. Tommy Moore an t-ainm a bhí ar na bhfear uasal.

Do bhog sé go Baile Átha Cliath nuair a bhí sé óg agus d'imir sé le foireann sinsir na hardchathrach idir 1916 agus 1925. Bhuaigh sé dhá bhonn uile-Éireann le linn tréimhse órga do Bhaile Átha Cliath agus chaith sé daichead bliain mar Chathaoirleach ar chumann Fhág-a-Bealach idir 1929 agus 1969. "Cé a chreidfeadh é sin?" arsa mise liom féin. Fear a tháinig as áit chomh fiáin agus iargúlta mar sin a bhain clú agus cáil amach dó féin ina dhiaidh sin. Do rith an smaoinemh céanna liom agus Corn Tommy Moore á ardú ag Captaen Bhaile Héil, Michael Fennelly.

Dóibh siúd nach bhfuil eolas maith acu ar an bparóiste úd. Is paróiste fíorbheag é Baile Héil. Déanta na fírinne, níl faic fágtha den mbaile croíuil seo a bhíodh ann tráth dá raibh ach doirse ídithe ar an dá thaobh don té atá ag tiomáint tríd. Is eiseamláir iad ar shlí, conas teacht slán as Bánú na Tuaithe atá ag réabadh trí bhailte na hÉireann le lán os cionn deich mbliana anuas. Tá rud amháin a sheasann amach don spailpín fánach anseo. Is é sin go bhfuil croí na dúiche fós ag preabadh agus go deimhin, is é sin an gort CLG.

Ba dhána an mhaise é a rá le nóimeat amháin fágtha i gCluiche Leathceannais an Chontae thíos i bPáirc Uí Nualláin go mbainfeadh Fennelly agus a chomrádaithe ardán Uí Ógáin amach. Dhá chúilín chun deiridh a bhíodar nuair a sciort iarracht dheireanach ó Colin Fennelly thar an líon chun croí Chaisleán an Chomair a bhriseadh ar an dtoirt.

Scór cinniúnach ag am cinniúnach agus léiriú arís dúinn nach bhfuil ach leathsheans ag teastáil ó dhaoine áirithe chun teacht aniar a dhéanamh. Ba dheacair dúinn aon easnamh a aimsiú ar imirt Bhaile Héil as seo go dtí Cluiche Ceannais na hÉireann le bheith macánta.

In ainneoin na tréan-iarrachta ó Dhroichead Bheinéid i gCluiche Ceannais Chill Chainnigh, sháraigh fir Henry Shefflin an dúshlán san go pras agus den chéad uair riamh do bhí dintiúirí Henry Shefflin nochtaithe mar bhainisteoir ina fhód féin. Ní raibh scrupall ar bith ar Henry na hógánaigh a chaitheamh isteach leis na seanfhondúirí agus i gcaitheamh an gheimhridh chuireamar aithne mhaith ar ainmneacha amhail Dean Mason, Eoin Cody agus Adrian Mullen agus iad ag foghlaim a gceirde ó mháistrí an chamáin. Ar aghaidh leo ar cosa in airde ag baint Pháirc an Chrócaigh amach.

Ba mhinic a dhein muintir Bhaile Héil an turas céanna ar Lá Fhéile Pádraig agus chuadar i mbun a gcúraim go slachtmhar in aghaidh Naomh Tomás ó Chontae na Gaillimhe. Pé seans a bhí ag Naomh Tomás ar ghort cúng ba léir tar éis deich nóimeat go mbeadh an iomarca scóipe agus saoirse ag Baile Héil chun iad a chloí thar seasca nóimeat.

Bhí tosaithe Bhaile Héil dochloíte ar an lá agus bhí ainm an pharóiste bhig ó Thuaisceart Chill Chainnigh á ghreadadh ar Chorn Tommy Moore den cheathrú huair i stair an chumainn.

Bhainfeadh Tommy Moore sásamh as an mbliain i gciúnas séimh na tuaithe arís i mbliana tar éis dóibh an ceann is fearr a fháil ar Bhuiríos Ó Luigheach sa chluiche ceannais roimh Nollag. Bí ag caint ar theacht aniar.

Nuair a d'éirigh Henry Shefflin as an imirt ag deireadh na bliana 2017 bhí an chuma ar an scéal ó chianaibh go raibh meath ag teacht ar fhoinsí saibhre Bhaile Héil. Ní raibh Craobh an Chontae buaite acu le ceithre bliana agus bhí cuid de na himreoirí mór le rá ag dul san aos. Le linn an ama san áfach do bhí glúin nua ón seantobar ag fás go tapaigh.

Na hainmneacha céanna ar bharr ár dteanga arís – na deartháireacha Mullen (ar Fennelly a máthair) agus Evan Shefflin agus a thuilleadh nach iad. Trí chraobh fé 21 buaite acu as a chéile le sní isteach taobh le ceardaithe idirchontae TJ Reid, Colin Fennelly agus Joey Holden. An Rí ag stiúradh na loinge. Do bhí an paróiste beag tuaithe ar a mbealach ar ais.

Seanchas- Oral Tradition  
Fiáin - Wild  
Bánú - Dispersal  
Maise - Act  
Fánach - Wandering  
Siort - Organic

Easnamh - Shortage  
Seanfhondúirí - The Old brigade  
Scóip - Scope  
Cúng - Narrow  
Séimh - Gentle  
Foinse - Source



# Cúinne na bPáistí

## Cuardach Focail

S	H	H	M	A	N	C	S	N	O	I	T	C	S
C	H	C	H	N	B	P	O	E	S	R	I	O	D
O	E	A	H	T	U	R	T	A	E	N	A	I	I
I	A	H	C	D	N	E	E	N	H	E	I	S	S
R	N	T	O	A	S	A	R	R	T	T	S	S	M
T	A	A	E	I	C	B	N	D	I	R	A	M	A
L	O	M	H	C	O	A	G	E	A	A	H	A	O
C	M	A	S	H	I	D	A	I	D	E	C	S	I
T	H	L	H	E	L	H	C	S	R	C	N	A	N
A	A	L	R	A	B	O	T	C	A	S	A	I	E
U	N	N	H	D	E	O	R	E	E	I	E	B	A
A	H	M	A	N	S	A	E	A	C	A	S	H	M
M	N	H	D	I	E	N	N	R	A	U	A	I	H
A	I	M	M	G	N	O	L	T	A	T	H	R	I

DAICHEAD  
DEISCEART  
SMAOINEAMH  
DOIRSE  
SAIBHIR  
LONG  
TOBAR  
PREABADH  
NAOMH  
SEANCHAS  
TAMALL  
SCOIRT  
EASNAMH  
TUAISCEART  
TIONSCLAMH  
BUNSCOIL  
CEARDAITHE